

<b>An Cháilíocht sa Ghaeilge</b>		
	<b>S.C.G. An Scrúdú le hAghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge (Scrúduithe Inniúlachta)</b>	<b>O.C.G. Oiriúnú le hAghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge (Tréimhse Oiriúnaithe agus Measúnuithe)</b>
Modúil le baint amach	Ceithre mhodúl neamhspleácha. Ceithre scrúdú neamhspleácha (is féidir le hiarrthóirí modúl amháin nó aon mheascán de mhodúil a thógáil in aon scoilbhliain ar leith).	Ceithre mhodúl neamhspleácha. Ceithre mheasúnú neamhspleácha (is féidir le hiarrthóirí modúl amháin nó aon mheascán de mhodúil a thógáil in aon scoilbhliain ar leith).
Modúl 1:	<b>1. Páipéar 1</b> (Scrúdú Ginearálta Teanga a chuimsíonn gné phraiticiúil i Múineadh na Gaeilge a dhéantar a mheasúnú sa seomra ranga).	<b>1. Triail Scríofa</b> (Measúnú Ginearálta Teanga).
Modúl 2:	<b>2. Páipéar 2</b> (Scrúdú ar rogha de phrós agus d'fhillíocht ainmnithe agus a chuimsíonn gné phraiticiúil – Teanga agus Cultúr a scrúdaítear sa seomra ranga).	<b>2. Triail Chluastuisceana</b> (Formáid: ceisteanna ilroghnacha).
Modúl 3:	<b>3. Triail Chluastuisceana</b> (Formáid: freagraí scríofa).	<b>3. Triail i Labhairt na Gaeilge</b> (Pictiúr le plé agus agallamh ginearálta).
Modúl 4:	<b>4. Scrúdú i Labhairt na Gaeilge</b> (Sliocht le léamh agus agallamh ginearálta).	<b>4. Múineadh na Gaeilge</b> (Measúnú sa seomra ranga).
Pasmharc:	40% i ngach modúl.	40% i ngach modúl.
Cuairt Scoile:	Cuairt scoile amháin i rith Eanáir / Feabhra chun scrúdú a dhéanamh ar na gnéithe praiticiúla de Pháipéar 1 agus/nó Páipéar 2.	Dhá chuairt scoile i rith Eanáir / Feabhra chun measúnú a dhéanamh ar Mhúineadh na Gaeilge
Riachtanais Ranga:	Caithfidh an t-iarrthóir a bheith in ann rang príomhshrutha a úsáid chun tabhairt faoi na gnéithe praiticiúla de Pháipéar 1 agus de Pháipéar 2.	Caithfidh an t-iarrthóir a bheith ag <u>obair mar mhúinteoir príomhshrutha</u> . Caithfidh an t-iarrthóir an riachtanas ar leith a bhaineann leis an Tréimhse Oiriúnaithe a shásamh agus 120 lá scoile, ar a laghad, a chaitheamh ag múineadh i scoil phríomhshrutha ina múintear Gaeilge mar ábhar ranga.
Socrúchán Gaeltachta:	Caithfidh iarrthóirí freastal ar chúrsa aitheanta Gaeltachta S.C.G. Moltar d'iarrthóirí an cúrsa Gaeltachta a dhéanamh sula dtugann siad faoin Scrúdú i Labhairt na Gaeilge.	Caithfidh iarrthóirí freastal ar chúrsa aitheanta Gaeltachta O.C.G. Moltar d'iarrthóirí an cúrsa Gaeltachta a dhéanamh sula dtugann siad faoin Triail i Labhairt na Gaeilge.
Moltar d'iarrthóirí féachaint go cúramach ar <i>Treoir: S.C.G.</i> agus ar <i>Treoir: O.C.G.</i> ag <a href="http://www.ilrweb.ie">www.ilrweb.ie</a> sula ndéanann siad rogha idir S.C.G. agus O.C.G.		